# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Trasfhoirmiú

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Trasfhoirmiú** | | | | | | | | | | |
| **Tuiscint agus Ceangal** | Fiosraíonn sé agus téann sé i ngleic le gluaiseacht chruthanna. | Aithníonn sé go bhféadfadh cuma dhifriúil a bheith ar chruth nuair a bhogtar i slí áirithe é. | Sainaithníonn sé cruthanna i réimse leathan treoshuíomhanna difriúla. | Aithníonn sé agus sainaithníonn sé na comhpháirteanna i gcruthanna cumaisc [cnuasach cruthanna].<br><br>Aithníonn sé siméadracht líneach cruthanna simplí agus íomhánna. | Aithníonn sé agus sainaithníonn sé cruthanna a bhfuil cur amach aige orthu nuair a chóipeáiltear iad, nuair a rothlaítear iad, nó nuair a fhrithchaitear iad.<br><br>Sainaithníonn sé cruthanna agus cnuasaigh chruthanna a theisilíonn sa timpeallacht. | Déanann sé frithchaitheamh, rothlú agus aistriú na gcruthanna a phlé, a shamhaltú agus a shamhlú.<br><br>Déanann sé scrúdú ar theasaláidí agus aithníonn sé má rinneadh cruthanna a fhrithchaitheamh, a rothlú nó a aistriú.<br><br>Fiosraíonn sé agus cruthaíonn sé teisilithe simplí. | Aithníonn sé na cruthanna ag a bhfuil siméadracht rothlach.<br><br>Cruthaíonn sé teisilithe trí úsáid a bhaint as níos mó ná cruth amháin. | Baineann sé úsáid as eangach chun frithchaitheamh a fhiosrú sa chás go bhfuil líne an fhrithchaithimh lasmuigh den chruth agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil sé cothrománach ná ingearach.<br><br>Fiosraíonn sé siméadracht rothlaithe, agus é ag aithint ord agus uillinn an rothlaithe. | Marcálann sé cruthanna agus a bhfrithchaithimh agus a n-aistriúcháin ach úsáid a bhaint as páipéar cearnógach/ eangacha.<br><br>Marcálann sé cruthanna ar an bplána comhordúcháin (an chéad cheathrú). | Aistríonn sé na cruthanna ar an bplána comhordúcháin agus na comhordanáidí nua á dtabhairt faoi deara aige.<br><br>Frithchaitheann sé cruthanna tríd an x-ais, nó an y-ais agus na comhordanáidí nua á dtabhairt faoi deara aige.<br><br>Aithníonn sé go gcuimsítear cruthanna ag dul ina chéile thart ar phointe le teasaláidí. | Fiosraíonn sé an tslí a n-úsáidtear scála [cóimheasa] chun cruthanna a mhéadú nó a laghdú.<br><br>Ceapann sé réimse céimeanna chun cruthanna a thrasfhoirmiú. |
| **Cumarsáid** | Freastalaíonn sé ar theanga ghluaiseachta agus ionramhála cruthanna. | Leanann sé treoracha a bhaineann le gluaiseacht cruthanna. | Baineann sé úsáid as teanga oiriúnach (Mar shampla: cas, iompaigh, sleamhnaigh, meaitseáil, agus oir) chun cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht agus ar chomparáid cruthanna.<br><br>Roghnaíonn sé na hábhair chuí/na huirlisí digiteacha cuí chun gluaiseachtaí an chrutha a fhiosrú agus a léiriú. | Déanann sé agus déanann sé cur síos ar chruthanna cumaisc.<br><br>Tugann sé agus leanann sé treoracha a bhaineann le gluaiseacht chruthanna. | Tuigeann sé agus baineann sé úsáid as na téarmaí frithchaitheamh, rothlú agus aistriú chun cur síos a dhéanamh ar na gluaiseachtaí crutha ábhartha.<br><br>Roghnaíonn sé ábhair chuí/uirlisí digiteacha chun gluaiseachtaí crutha a tharraingt agus a lipéadú. | Cuireann sé frithchaithimh chruthanna nó íomhánna, atá in easnamh, i gcrích.<br><br>Baineann sé úsáid as teanga chuí agus as bearta simplí nuair is cuí chun cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht an chrutha (Mar shampla: rothlaithe trí cheathrú casaidh). | Déanann sé cur síos ar ghnéithe den tsiméadracht líne agus rothlaithe.<br><br>Déanann sé cur síos ar theasaláidí [teasaláidí de pholagáin rialta]. | Sainmhíníonn sé agus leanann sé treoracha simplí chun cruthanna a thrasfhoirmiú.<br><br>Sonraíonn sé uillinn an chasaidh i gcéimeanna.<br><br>Roghnaíonn sé na hábhair chuí/ uirlisí digiteacha, nó cruthaíonn sé líníochtaí lipéadaithe chun smaointe geoiméadracha a fhiosrú, a thaifeadadh nó a mhíniú [d'fhéadfadh go gcuimseofaí leis sonraí faoi uillinn nó tomhais eile]. | Coinníonn sé taifead ar na céimeanna a bhaineann le trasfhoirmiú agus úsáideann sé na téarmaí matamaiticiúla cuí. | Roghnaíonn sé na hábhair chuí/ uirlisí digiteacha, nó cruthaíonn sé líníochtaí lipéadaithe chun tuairimí a iniúchadh agus/nó a chosaint. | Treoraíonn sé teicneolaíocht chun raon trasfhoirmithe a dhéanamh.<br><br>Ceapann sé slite cruthaitheacha chun trasfhoirmithe nua a chur le chéile agus i láthair. |

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Trasfhoirmiú** | | | | | | | | | | |
| **Réasúnaíocht** | Breathnaíonn sé ar éifeachtaí bogadh cruthanna. | Samhlaíonn sé an chuma a bheidh ar chruth nuair a bhogfar é.<br><br>Aithníonn sé nach n-athraíonn na hathruithe ar threoshuíomh an chrutha an cruth é féin. | Déanann sé tuartha faoi ghluaiseachtaí crutha agus faoi mheaitseáil chrutha (Mar shampla: an rachaidh sé isteach má chasaim an tslí seo é? An meaitseálfaidh sé má iompaím thart é?). | Déanann sé tuartha agus cosnaíonn sé an fáth a bhfuil/ nach bhfuil siméadracht líneach ag roinnt cruthanna ag déanamh tagairt d'airíonna an chrutha.<br><br>Samhlaíonn sé an chaoi ar féidir cruthanna a chur le chéile nó a ghearradh chun cruthanna nua a chruthú. | Déanann sé tuartha agus míníonn sé i dtéarmaí simplí cén fáth a dteisilíonn roinnt cruthanna (Mar shampla: ag déanamh tagairt do dhronuillinneacha nó d'airíonna coitianta eile). | Samhlaíonn sé agus tuarann sé an chuma a bheidh ar réad nuair a dhéanfar leathchasadh nó ceathrú casaidh air.<br><br>Cosnaíonn sé bealaí malartacha chun an t aistriú céanna a dhéanamh (Mar shampla: ag tabhairt faoi deara gurb ionann casadh trícheathrúnach ar deiseal agus ceathrú casaidh tuathalach). | Roghnaíonn sé cruthanna/ meascáin cruthanna chun pátrúin teisilithe a chruthú agus cosnaíonn sé a rogha.<br><br>Samhlaíonn sé agus déanann sé tuartha faoi na hairíonna cruthanna agus má athróidh siad faoi na trasfhoirmithe. | Cruthaíonn sé agus cosnaíonn sé hipitéisí maidir leis an tslí a bhféadfadh cruthanna teacht chun cinn faoi thrasfhoirmithe ar leith.<br><br>Míníonn sé na tionchair a bhíonn ag iompú agus ag rothlú crutha [agus aon impleachtaí le haghaidh teisilithe]. | Sainaithníonn sé agus míníonn sé na patrúin i gcomhordanáidí frithchaite agus i mbun-chomhordanáidí na gcruthanna.<br><br>Déanann sé scrúdú ar fhrithchaitheamh agus ar shiméadracht rothlach de pholagáin rialta agus neamhrialta, agus tugann sé buillí faoi thuairim faoi na ceangail idir airíonna an chrutha. | Cuireann sé trasfhoirmithe éagsúla crutha i gcomparáid<br><br>Samhlaíonn sé agus déanann sé tuartha faoi na hairíonna cruthanna agus má athróidh siad faoi mheascán trasfhoirmithe.<br><br>Baineann sé úsáid as uillinneacha chun teasaláidí a mhíniú. | Baineann sé tátail faoi airíonna crutha agus/nó trasfhoirmithe bunaithe ar anailís agus comparáid na gcomhordanáidí.<br><br>Tuarann sé na comhordanáidí de chruthanna trasfhoirmithe ar iarraidh ach úsáid a bhaint as airíonna na gcruthanna agus/nó na dtrasfhoirmithe. |
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | Bogann sé cruthanna ar chúis. | Réitíonn sé agus pléann sé puzail spáis shimplí ar nós míreanna mearaí nó sórtálaithe cruthanna. | Roghnaíonn sé agus déanann sé ionramháil ar chruthanna chun múnla nó struchtúr a chóipeáil. | Téann sé i ngleic le puzail spáis nó le gníomhaíochtaí tógála (Mar shampla: puzail tangraim, súgradh le bloic) a bhfuil bogadh, comparáid, mionscrúdú agus cur le chéile cruthanna mar chuid díobh. | Trasfhoirmíonn sé cruthanna i slite difriúla i gcomhthéacsanna fiúntacha lena n-áirítear ealaín (Mar shampla: priontáil agus filleadh páipéir).<br><br>Sainaithníonn sé línte siméadrachta agus línte nó cruthanna frithchaite in íomhánna nó i líníochtaí.<br><br>Fiosraíonn sé ionad agus spás le raon polomanónna [cruth a dhéantar ach cearnóga a cheangal le chéile taobh le taobh]. | Láimhsíonn sé samhlacha nó ábhair (Mar shampla: tangraim, bloic phatrún, polomanónna) chun struchtúr nó múnla a dhéanamh nó a chruthú.<br><br>Fiosraíonn sé teasaláidí ina bhfuil níos mó ná ceann amháin de na cruthanna céanna (Mar shampla: cé mhéad patrúin éagsúla is féidir a chruthú le haghaidh dronuilleog athfhillteach amháin?). | Fiosraíonn sé teasaláidí a thagann chun cinn san Ealaín, agus dearann sé agus cruthaíonn sé pátrúin teisilithe trí rothlú/ fhrithchaitheamh crutha agus aistriú.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna simplí a bhfuil baint acu le trasfhoirmithe cruthanna nó línte. | Baineann sé úsáid as trasfhoirmithe nó as ionramháil cruthanna chun fadhb a réiteach (Mar shampla: ag aithint an chaoi a bhfuil go leor eangach uathúil féideartha de chiúb ann). | Baineann sé úsáid as bogearraí / teicneolaíocht chun fadhbanna bunaithe ar thrasfhoirmiú a réiteach i gcomhthéacsanna bríocha. | Réitíonn sé agus pleanálann sé le haghaidh fadhb chasta a bhfuil baint aici le trasfhoirmithe cruthanna nó línte.<br><br>Fiosraíonn sé léirithe cruthaitheacha ar theisilithe le haghaidh feidhmeanna éagsúla. | Cuireann sé trasfhoirmiú i bhfeidhm ar nós frithchaitheamh, aistriú agus rothlú go dtí cruthanna 2-T ar an bplána comhordúcháin agus aithníonn sé agus tuarann sé tionchair an trasfhoirmithe ar chomhordanáidí na gcúinní crutha.<br><br>Cuireann sé trasfhoirmiú i bhfeidhm ar chruthanna 2-T ar an bplána comhordúcháin agus aithníonn agus tuarann sé tionchair an trasfhoirmithe ar chomhordanáidí chúinní an chrutha. |